2026/2367

27.10.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2367 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (CBES) 2021/509 ([1]) ón gComhairle, bunaítear an tSaoráid Eorpach Síochána chun go maoineodh Ballstáit an Aontais gníomhaíochtaí faoin gcomhbheartas eachtrach agus slándála (CBES) chun an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú de bhun Airteagal 21(2), pointe (c), den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Go háirithe, de bhun Airteagal 1(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509, tá an tSaoráid Eorpach Síochána le húsáid chun bearta cúnaimh a mhaoiniú, mar shampla, gníomhaíochtaí chun acmhainneachtaí maidir le cúrsaí míleata agus cosanta atá ag tríú Stáit agus eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta a neartú.

(2) An 28 Feabhra 2022, mar fhreagairt ar chogadh foghach Chónaidhm na Rúise ar an Úcráin, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/339 ([2]), lenar bunaíodh beart cúnaimh chun an maoiniú a chumhdach lena soláthrófar trealamh agus soláthairtí, nach bhfuil ceaptha chun fórsa marfach a sheachadadh, d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine.

(3) An 18 Márta 2024, ar bhonn togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chun Ciste Cúnaimh don Úcráin a bhunú, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/890 ([3]) lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/509 chun EUR 5 000 000 000 a chur le huasteorainn airgeadais fhoriomlán na Saoráide Eorpaí Síochána in 2024 (i bpraghsanna reatha), méid atá dírithe go sonrach ar an Úcráin, agus arb é is aidhm dó tacaíocht mhíleata inbhuanaithe intuartha a áirithiú don Úcráin.

(4) An 26 Deireadh Fómhair 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2026/2365 ([4]), lenar méadaíodh méid tagartha airgeadais an bhirt cúnaimh faoi Chinneadh (CBES) 2022/339 EUR 372 115 534,32 go EUR 752 115 534,32. I bhfianaise chogadh foghach leanúnach Chónaidhm na Rúise ar an Úcráin, ba cheart EUR 420 940 000,00 breise ón gCoiste Cúnaimh don Úcráin a chur leis an méid tagartha airgeadais sin, atá beartaithe chun an maoiniú a chumhdach lena soláthrófar trealamh agus soláthairtí, nach bhfuil ceaptha chun fórsa marfach a thabhairt, cuir i gcás, trealamh cosanta pearsanta, fearais gharchabhrach agus breosla, d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, lena n-áirítear chun na hiarrataí ar aisíocaíochtaí atá ann cheana a chumhdach, a cuireadh in iúl do Chill Tí Imréitigh Fhoireann Mhíleata an Aontais Eorpaigh roimh an dáta ar bunaíodh an Ciste Cúnaimh don Úcráin, an 18 Márta 2024, agus go dtí an 15 Samhain 2024.

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Síochána Eorpach, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/509/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/339 ón gComhairle an 28 Feabhra 2022 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine (IO L 61, 28.2.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/339/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2024/890 ón gComhairle an 18 Márta 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/509 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána (IO L 2024.890, 19.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/890/oj).

([4]) Cinneadh (CBES) 2026/2365 ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2026 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine (IO L, 2026/2365, 27.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2365/oj).

(5) An 21 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1470 ([5]), lenar leasaíodh Cinneadh 2014/512/CBES ([6]) chun foráil a dhéanamh maidir leis na taisclanna lárnacha urrús a shealbhaíonn sócmhainní agus cúlchistí ar mó a luach iomlán ná EUR 1 000 000, tá siad le ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh óna nglanbhrabúis a eascraíonn as blocáil sócmhainní de chuid na Rúise, ranníocaíocht atá cothrom le 99,7 % de na glanbhrabúis sin arna gcarnadh ón 15 Feabhra 2024 i leith. Foráiltear leis an gCinneadh sin go bhfuil céatadán sonrach de mhéideanna na ranníocaíochta airgeadais a íoctar leis an Aontas, a bhfuil athbhreithniú le déanamh air go bliantúil, le húsáid chun tacú leis an Úcráin, tríd an tSaoráid Eorpach Síochána.

(6) An 21 Bealtaine 2024, freisin, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1471 ([7]) maidir le leithdháileadh mhéideanna na ranníocaíochta airgeadais a íoctar leis an tSaoráid Eorpach Síochána de bhun Chinneadh (CBES) 2024/1470. Sonraítear sa Chinneadh sin go bhfuil na méideanna a leithdháiltear ar an tSaoráid Eorpach Síochána de bhun Chinneadh 2024/1470 le leithdháileadh ar bhearta cúnaimh chun tacaíocht mhíleata a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, agus go bhfuil an Coiste um an tSaoráid arna bhunú faoi Chinneadh (CBES) 2021/509, i gcomhréir le treoshuíomh straitéiseach tiomnaithe arna sholáthar ag an gCoiste Polaitiúil agus Slándála de bhun Airteagal 9(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509, le leithdháileadh na méideanna a fuarthas idir bearta cúnaimh a chinneadh agus le athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh orthu. Ba cheart an beart cúnaimh sin a bheith ar fáil i gcónaí le haghaidh leithdháiltí na méideanna a fhaightear amach anseo.

(7) Ar bhonn eisceachtúil, de bhun Airteagal 73(10) de Chinneadh (CBES) 2021/509, i gcás ina bhfuil dearbhú foirmiúil déanta ag Ballstát faoin dara fomhír d'Airteagal 31(1) CAE agus inar staon sé ó bheart cúnaimh a ghlacadh atá le maoiniú leis an méid tiomnaithe dá bhforáiltear sa chéad fhomhír d'Airteagal 73(10) de Chinneadh (CBES) 2021/509, níor cheart don Bhallstát sin rannchuidiú le costais an bhirt cúnaimh sin.

(8) Tá na bearta cúnaimh le cur chun feidhme agus na prionsabail agus na ceanglais a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2021/509 á gcur san áireamh, go háirithe comhlíonadh Chomhsheasamh 2008/944/CBES ([8]), ón gComhairle, agus i gcomhréir leis na rialacha maidir le hioncam agus caiteachas arna maoiniú faoin tSaoráid Eorpach Síochána a chur chun feidhme.

(9) Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil rún daingean aici cearta an duine, saoirsí bunúsacha agus prionsabail dhaonlathacha a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh, an smacht reachta agus an dea-rialachas a neartú, i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe, le Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/339 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Mairfidh an Beart Cúnaimh 82 mhí ó ghlacadh an Chinnidh seo.';

([5]) Cinneadh (CBES) 2024/1470 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2024 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2024/1470, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1470/oj).

([6]) Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/512/oj).

([7]) Cinneadh (CBES) 2024/1471 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2024 maidir le leithdháileadh mhéideanna na ranníocaíochta airgeadais a íoctar leis an tSaoráid Eorpach Síochána de bhun Chinneadh (CBES) 2024/1470 (IO L, 2024/1471, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1471/oj).

([8]) Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainítear comhrialacha lena rialaítear rialú ar onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99, ELI: http://data.europa.eu/eli/compos/2008/944/oj).

(2) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Is é 1 173 055 534,32a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann leis an mbeart cúnaimh a chumhdach.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

‘3. I gcomhréir le hAirteagal 29(5) de Chinneadh (CBES) 2021/509, féadfaidh an riarthóir um bearta cúnaimh glao ar ranníocaíochtaí suas le EUR 1 173 055 534,32 a dhéanamh tar éis an Cinneadh seo a bheith glactha. Ní úsáidfear na cistí a ghlaofaidh an riarthóir um bearta cúnaimh ach chun caiteachas a íoc laistigh de na teorainneacha arna bhformheas ag an gCoiste um an tSaoráid arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 sna buiséid ghaolmhara leasaitheacha agus bhliantúla a chomhfhreagraíonn don Bheart Cúnaimh.

4. Beidh caiteachas a bhaineann leis an mBeart Cúnaimh a chur chun feidhme incháilithe ón 1 Eanáir 2022 agus go dtí an 15 Samhain 2024. Gan dochar don chaiteachas breise a d’fhéadfaí a mhaoiniú faoin mBeart Cúnaimh seo leis na ranníocaíochtaí breise arna gcur ar fáil ag na Ballstáit a staon ó bheart cúnaimh de bhun Airteagal 5(3) de Chinneadh (CBES) 2021/509, úsáidfear an méid tagartha airgeadais mar a leanas:

(a) is é EUR 50 000 000 a bheidh san uaschaiteachas incháilithe arna thabhú roimh an 11 Márta 2022;

(b) is é EUR 110 000 000 a bheidh san uasmhéid incháilithe don tréimhse idir an 11 Márta 2022 agus an 20 Iúil 2022;

(c) is é EUR 20 000 000 a bheidh san uasmhéid incháilithe don tréimhse idir an 21 Iúil 2022 agus an 20 Samhain 2022;

(d) is é EUR 200 000 000 a bheidh san uasmhéid incháilithe don tréimhse idir an 21 Samhain 2022 agus an 28 Feabhra 2023;

(e) is é EUR 103 450 411,87 a bheidh san uasmhéid incháilithe don tréimhse idir an 1 Márta 2023 agus an 31 Bealtaine 2023;

(f) is é EUR 372 115 534,32a bheidh san uasmhéid incháilithe don tréimhse idir an 1 Meitheamh 2023 agus an 15 Feabhra 2024;

(g) beidh uasmhéid EUR 420 940 000,00 incháilithe don tréimhse ón 16 Feabhra 2024 go dtí an 15 Samhain 2024;

(h) beidh caiteachas a bhaineann leis an gcothabháil agus deisiú incháilithe ón 17 Deireadh Fómhair 2022 agus beidh caiteachas a bhaineann le hathfheistiú incháilithe ón 2 Feabhra 2023.’;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘5. Gan dochar d’ídiú na méideanna i mír 4 den Airteagal seo agus don tréimhse a bhunaítear in Airteagal 1(4) den Chinneadh seo, leanfaidh an beart cúnaimh seo de bheith ar fáil chun méideanna arna bhfáil ag an tSaoráid Eorpach Síochána a leithdháileadh de bhun Airteagal 1a(11) de Chinneadh (CBES) 2014/512 ón gComhairle (*).

(*) Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/512/oj).’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 26 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON